Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2026 (OR. en)**

**6177/1/26 REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0132 (COD)**

**CODEC 196**
**JAI 180**
**ASILE 16**
**FRONT 31**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an choincheapa 'tríú tír shábháilte' **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 20 Bealtaine 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 78(2)[1], pointe (d) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Deireadh Fómhair 2025[2].

3. An 10 Feabhra 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 8635/25 + ADD 1.
[2] IO C, C/2026/71, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/71/oj.
[3] 6116/26.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[4] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE–CONS 68/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Spáinn, an Fhrainc agus an Phortaingéil ag vótáil ina choinne.

5. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir leis an seasamh ón Danmhairg, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.